Daltaí (Rang 5 & 6)

A Mhúinteoir, a chara,

Go raibh maith agat as do thuairimí féin a thabhairt mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar an bPolasaí don Oideachas lán-Ghaeilge. Tá mé ag scríobh chugat mar mhúinteoir R5/R6 agus glór na ndaltaí i do rang.

Ba mhór linn dá ndéanfá litir ranga a ullmhú mar chuid den rang Gaeilge agus an litir sin a sheoladh go: POLG@education.gov.ie roimh bhriseadh na Nollag.

Is féidir smaointí a spreagadh i measc na ndaltaí leis na ceisteanna seo a leanas:

1. **Conas is féidir tuismitheoirí a spreagadh chun gaelscoil a roghnú?**
2. **An bhfuil gá le níos mó naíonraí, gaelscoileanna agus gaelcholáistí? An mbeidh tusa in ann dul ar aghaidh go gaelcholáiste?**
3. **Conas is féidir linn an scoil a dhéanamh níos fearr?**
4. **Cad is féidir a dhéanamh chun fáilte a chur roimh gach duine sa scoil (daoine ó thíortha eile, daoine ó theaghlaigh difriúla, daoine le riachtanais bhreise)?**
5. **Cad is féidir a dhéanamh chun nasc níos láidre a dhéanamh idir an scoil agus an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal?**

Ba bhreá an rud é dá mbeadh gach dalta in ann an litir a shíniú agus ba mhór linn saothar na ndaltaí a roinnt ar ár meáin shóisialta ach clib a chur orainn.

Tá mé fíorbhuíoch as an gcabhair ag an am ghnóthach seo.

Go mbeidh Nollaig mhór mhaith agat,

Caoimhín Ó hEaghra

Ard-Rúnaí, An Foras Pátrúnachta